MEANGADH FÍBÍN AR THÓIR LÁITHREOIR DO SHRAITH NUA RÉAMHSCOILE - AN MBEIFEÁ IN ANN AN RÓL SEO A LÍONADH?

Tá Meangadh Fíbín ag lorg iarratais do ról láithreora/ealaíontóra do shraith nua teilifíse do lucht réamhscoile. Tá muid ag lorg duine le cúlra in ealaín, le Gaeilge láidir agus le pearsantacht fhuinniúil. Cuirfear fáilte roimh dhaoine le taithí aisteoireachta ach níl sé riachtanach. Ní mór d'iarrthóirí a bheith ar fáil do thaifead roimh na Nollag.

Tabharfar le chéile ealaín agus scéalaíocht sa tsraith nua spreagúil seo agus beidh an láithreoir/ealaíontóir ag taisteal chuig scoileanna mórthimpeall na tíre, ag bualadh le gasúir scoile agus ag tabhairt cúnamh dóibh chun leabhar pictiúir a chur le chéile bunaithe ar a scéal féin/finscéal aitheanta. Inseoidh na gasúir scoile le cúnamh ón láithreoir an scéal ar ais ansin don lucht féachana ag baile.

Is féidir le hiarrthóirí a bhfuil suim acu sa ról láithreora físeán gearr dóibh féin chomh maith le CV a sheoladh chuig eolas@fibinmedia.ie roimh 10 Samhain. Beidh siad féin san fhíseán ag labhairt Gaeilge agus ag léiriú go bhfuil suim acu san ealaín. Ní gá dul thar dhá nóiméad leis. Coinneofar go príobháideach na físeáin a chuirtear isteach agus scriosfar iad chomh luath agus a bheidh an próiseas roghnúcháin críochnaithe.

Beidh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i gceist.

Gach eolas eile ar www.fibinmedia.ie